Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2639

19.5.2025

**Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht Berlin (an Ghearmáin) a taisceadh an 27 Nollaig 2024 – SVB – Neues Schweizer Viertel Betriebs + Service GmbH & Co. KG v Glarner Straße 5 GbR**

**(Cás C-900/24, SVB)**

(C/2025/2639)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Kammergericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Cosantóir agus achomharcóir:* SVB – Neues Schweizer Viertel Betriebs + Service GmbH & Co. KG

*Iarratasóir agus freagróir:* Glarner Straße 5 GbR

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An bhfuil Airteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE ([1]) le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas breithiúnach atá bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta faoina ndéantar, i gcás conarthaí fuinnimh fadtéarmacha ar ina leith nár chuir an custaiméir i gcoinne méaduithe ar phraghasanna ar feadh tréimhse fhada ama, agus a mhaíonn an custaiméir anois gur neamh-éifeachtach iad na méaduithe ar phraghasanna a théann siar tamall fada freisin, an bearna rialála a tháinig chun cinn mar thoradh ar chlásal coigeartaithe praghais nó ionchorprú neamhéifeachtach chlásal coigeartaithe praghais a líonadh de ghnáth trí léiriú forlíontach ar an gconradh ar dá bharr nach féidir leis an gcustaiméir brath ar neamhéifeachtacht na méaduithe ar phraghasanna a mbíonn praghas atá níos airde ná an praghas tosaigh a comhaontaíodh mar thoradh orthu, i gcás gur chuir an custaiméir i gcoinne na méaduithe sin laistigh de na chéad 3 bliana tar éis dó na billí bliantiúla faoi seach a fháil inar chuireadh an méadú ar phraghasanna i bhfeidhm den chéad uair?
2. An bhfuil Airteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas breithiúnach atá bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a mheastar conarthaí fuinnimh fadtéarmacha, ar ina leith nár chuir an custaiméir i gcoinne méaduithe ar phraghasanna a tháinig chun cinn mar thoradh ar chlásal coigeartaithe praghais neamhéifeachtach nó ionchorprú neamhéifeachtach chlásal coigeartaithe praghais i gconradh ar feadh tréimhse fhada ama agus a mhaíonn anois gur neamhéifeachtach chomh maith iad na méaduithe ar phraghasanna a théann siar tamall fada, a bheith neamhéifeachtach anois?
3. An bhfuil Airteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas breithiúnach atá bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil an ceart ag soláthraí téimh ceantair – agus a mhéid a cheanglaítear le leasanna an chustaiméara – oibleagáid clásal coigeartaithe praghais arna gcur i bhfeidhm ag soláthraí téimh ceantair trí chustaiméirí deiridh a leasú go haontaobhach – a bhí neamhéifeachtach ó thús an chonartha nó a bhí neamhéifeachtach ó phointe ama áirithe ina dhiaidh sin – lena n-áirítear le linn an chaidrimh soláthair atá fós ar siúl le héifeacht don todhchaí, má áirithítear leis sin agus a mhéid a áirithítear leis sin go mbeidh an clásal éifeachtach ansin?

---

([1]) Treoir 93/13/CEE ó gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).